# Lán seol SnaG i mBaile Locha Riach!

Tuigtear go raibh na Gaeil thar a bheith gnóthach i mBaile Locha Riach fá láthair. Cuireadh tús spleodrach le Seachtain na Gaeilge 3 Márta agus roinnt imeachtaí speisialta eagraithe don ócáid. Cuireadh tús le Féile Scoildhrámaíochta na Gaillimhe a mheall timpeall 3,000 duine chuig an bhaile i rith na seachtaine.

Tháinig **Buíon Ceoil Scoil Íde Naofa** le chéile le ceol a bhualadh i gclós na scoile, rud a d'ardaigh croíthe na ndaltaí óga agus é ag cur sneachta ar maidin.

I dtaca an ama céanna, meán lae 3 Márta, bhí **Lá na Prátaí** ar siúl san Ionad Oideachais Naomh Bhreandáin, áit a tháinig múinteoirí, daltaí, oifigigh agus cairde Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe le chéile ar mhaithe le ceiliúradh agus comóradh ar leith a dhéanamh in ómós an phráta agus seo mar bhliain idirnáisiúnta an phlanda. Bhí **John Joe Forde** ag bualadh ceoil don ocáid, rud a spreag daoine le damhsa a dhéanamh idir damhsaí seit, rince scuaibe is eile. Bhí rannta beaga is blúiríní staire i dtaobh an phráta agus ar ndóigh, bhí deis ag gach uile cuairteoir rogha breá fairsing de phrataí a blaiseadh agus gach béile thar a bheith blasta. Bhí seans ag PríomhFheidhmeannach an Choiste, **Seosamh Mac Donncha** comhghairdeas a gabháil le lucht eagraithe agus obair an ionad oideachais a threisiú leo.

D'éirigh go hiontach leis an **Spraoicheist** agus sé fhoireann déag as trí bhunscoil ón cheantair ag glacadh páirte in imeachtaí an lae 5 Márta: Gaelscoil Riabhach, Scoil Náisiúnta Naomh Éanna Ballán, agus Scoil Íde Naofa. Ní raibh béim curtha ar an chomórtas idir na scoileanna ach bhí craic ag cách leis na ceisteanna uile. D'eagraigh Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, an ócáid seo i gcomhar le Gael Linn agus bhí deis acu uilig taispeántas a léiriú dóibh siúd bailithe. Stiúraigh **Seán Ó Ceallaigh**, Gael Linn an ócáid mar fhear a' tí iontach is bhí idir cheol agus amhránaíocht ó na daltaí sular fógraíodh buaiteoirí an lae: Foireann ó Scoil Náisiúnta Naomh Éanna, Ballán. Gan amhras, scaipeadh go leor duaiseanna ar na daltaí bailithe i plaiceanna, hataí is bréagáin bronnta ar an chéad seacht foireann.

Le linn don spraoicheist a bheith ar siúl bhí Maidin Caife eagraithe ag tuismitheoirí sa bhialann Iodálach 'La Seranata' agus deis acu cúpla focal a chleachtadh sa chiorcal comhrá eatarthu.

Bhí go leor craic ag na déagóirí bailithe ag Cumann Óige Locha Riach agus iad ag cur feabhais ar iris atá idir lámha acu is ag imirt cluichí éagsúla. Ní amháin sin ach bhí Club Riabhach gníomhach sa chumann iarscoile a bhí acu fosta.

Tháinig Foghlaimeoirí Fásta Oirthear na Gaillimhe le chéile le Féile Gaelach a cheiliúradh in ionad oideachais s'acusan agus seisiún ceoil is amhránaíocht ar siúl.

Bhí ceolchoirm speisialta eagraithe ag Scoil Íde Naofa 7 Márta, rud a thug deis do phobal na scoile uile a bheith páirteach. Caithfidh a ra go raibh ceolchoirmeacha agus imeachtaí gaelacha speisialta ar leith eagraithe ag scoileanna náisiúnta an cheantair sa bhreis is an méid breactha i gclár oifigiúil an cheantair.

D'éirigh go hiontach leis an seisiún ceoil in Áras Naomh Máirtín ag otharlann Naomh Breandáin agus othair is cuairteoirí lán-páirteach sa seisiún amhránaíochta is filíochta. Maise bhí a feilire féin curtha le chéile ag an Áras,maidneacha taeis caife, sessiún rince, scéalaíochta is eile.

Tháinig Cleamairí Locha Riach le chéile i gcroílar na gCleamairí i nGráig na Muilte Iarainn Oíche Aoine 7 Márta agus seó speisialta léirithe acu ar Raifteirí an file.

Bhí an comhlacht drámaíochta *'Branar'* i Scoil Íde Naofa i mBaile Locha Riach Luan agus Máirt 10 + 11 Márta le *'Aistear Ailbí'* a léiriú. Bhí **Ionia Ní Chróinín**, **Marc Mac Lochlainn**, **Morgan Cooke** agus **Máire Greaney** thar a bheith gníomhach lena taispeántas draoíchta lán spraoi agus trí sheó léirithe acu san iomlán.

Bhí **Séamas Mac Annaidh** ar cuairt ar scoileanna an cheantair agus é ag caint le daltaí scoile naisiúnta mar aon le scoláirí Ardteiste araon. Thug sé spreagadh ar leith do na daoine óga agus léargas iontach do na daltaí Ardteiste ar chúrsaí liteartha an siollabais. Bhí sé de phribhléid aige *'Lón Liteartha na n-Óg'* a stiúradh agus réimse leathan leabhar a sheoladh a bhí curtha le chéile ag daltaí Ghaelscoil Riabhach. Thug sé go leor nodanna do na scríbhneoirí óga leis.

D'éirigh go hiontach leis na himeachtaí eile eagraithe do ghrúpaí óga fosta. Bhí Lá Spraoi na n-Óg eagraithe ag grúpa tuismitheoirí is leanaí óga agus atmaisféar súgartha gheaelach cothaithe idir amhránaíocht, rannta beaga is seisiún léitheoireachta ar son na leanaí óga. Bhain idir thuismitheoirí is cairde an-sult as Ceolchoirm na n-Óg eagraithe ag Coiste Naíonra Tigh na Sí agus cur i láthair thar a bheith maith ó na páistí réamhscoile ar na hamhráin bheaga foghlamtha acu i rith na bliana. Cuireadh iontas ar an ghrúpa carthannachta *'Áthas'* a d'eagraigh Oíche Spraoi na n-Óg... rud a líon an halla orthu go doras. Bhí go leor duaiseanna bronnta i rith na hoíche chomh maith agus Bingo Gaelach ar siúl.

I meas aoisghrúpa eile, bhí dhá oíche den scoth i ndiaidh a chéile ag seanfhondúirí an bhaile agus Oíche Ghaelach eagraithe ag an Active Retirement agus Oíche Airneáin ar siúl ag Senior Citizens na háite. Idir cheol, filíocht, amhránaíocht is scéalaíocht, thaitin an siamsaíocht go mór leo ar fad.

Cuireadh spéis ar leith sa léacht a thug **Pat Mitchell** ar an phíobaire **'Patsy Tuohy'**. Rugadh é taobh amuigh den bhaile 1865 agus thuill sé clú idirnáisiúnta dá bharr a phíobaireachta i Nua Eabhrac. Bhí cuid dá cheol a bhí taifeadta fadó le cloisteáil ag lucht éisteachta na hoíche. Spreagadh an oiread sin spéise ann gur mhaith le Comhaltas Ceoltóirí Éireann féile a eagrú in ómós dó Mí Iúil seo chugainn agus pleananna idir lámha acu tabhairt faoi cheana.

Bhí go leor iontrálacha sna comórtais ealaíona is filíochta eagraithe go háitiúil agus go leor ag glacadh páirte sna comórtais náisiúnta chomh maith. Fógraíodh siopa eadaí **'Martin Fahy'** mar bhuaiteoir chomórtas na bhfuinneog agus duais bhreá bronnta orthu.

Agus clabhsúr ag teacht l'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge sa bhaile, bhí seisiún ceoil iontach eagraithe ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann oíche Fhéile Pádraig Domhnach 16 Márta i Kinsella's. Bhí **Meaitie Jó Shéamais Ó Fatharta** agus **Johnny Ó Conghaile** i measc na ceoltóirí iontacha bailithe don oíche. Seoladh ***Féile Raifteirí*** go hoifigiúil chomh maith ar an oíche.

Ar ndóigh, bhain gach duine sult as Mórshiúil Fhéile Pádraig ag 17 Márta agus muintir na háite ag ceiliúradh *'Spórt agus Spraoi'* mar théama. Bhí Gaeil an bhaile thar a bheith bródúil go raibh atmaisféar breá gaelach cothaithe le linn an pharáid, bratacha gaelacha feiceáileacha, **Paidí Ó Lionaird** ó TG4 mar fhear a' tí agus suas le tríocha ghrúpa pobail ag ceiliúradh na gnéithe cultúrtha den bhaile.

*Bhronn Tomás Breathnach plaic aitheantais ar Doreen Donaghue agus Sylvia Emecheta ar son Ionad Oideachais Naomh Breandáin i mBaile Locha Riach agus 'Lá na bPrátaí' eagraithe acu.*

*Sa pictiúr, feictear Seán Ó Ceallaigh, Gael Linn ag bronnadh duaiseanna ar fhoireann Scoil Éanna Naofa, Ballán a bhuaigh spraoicheist sa Comhar Creidmheasa i mBaile Locha Riach le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá Keith Glennon, David Maher, Emer Lyons, Nicola Kyne agus Príomhoide Feargal Ó Conaire iontrach sáta glacadh lena duais. Margaret Loughnane ó Comhar Creidmheasa Naomh Breandán ar dheis.*

*Tháinig tuismitheoirí is cairde le chéile le ciorcal comhrá agus maidin caife a bheith acu sa bhialann Iodálach le linn Sheachtain na Gaeilge.*

*Bíonn go leor spórt agus spraoi ag Cumann Óige Locha Riach i rith na bliana agus le linn Sheachtain na Gaeilge go háirithe.*

*Bhí an comhlacht drámaíochta 'Branar' i Scoil Íde Naofa i mBaile Locha Riach le 'Aistear Ailbí' a léiriú. Sa phictiúr, feictear Ionia Ní Chróinín, Marc Mac Lochlainn, Morgan Cooke agus Máire Greaney.*

*Bhí Séamas Mac Annaidh, Scríbhneoir Cónaitheach Ollscoil na Gaillimhe, iontach gníomhach ar chamchuairt thart ar scoileanna i gceantar Locha Riach. Feictear é ar cuairt ar Scoil Íde Naofa anseo.*

*Ó chlé ..múinteoirí ar chúl : Seosaimhín Uí Mhurchú, Séamas Mac Annaidh, Máire Rós Ní Chonraoi, Aoife Nic Gabhann aagus Máire Ní Phóirtéir.*

*Daltaí chun tosaigh.... Rinku Phulphagar, Siobhán Griffin, Suzanne Maher agus Amy Quinn.*

*Bhí oíche airneáin den scoth eagraithe ar son seanfhondúirí Bhaile Locha Riach idir scéalaíocht, amhránaíocht, filíocht, rince is ceol. Sa ghrianghraf, feictear cuid den lucht siamsaíochta na hoíche mar aon leis an choiste a d'eagraigh an ócáid.*